

EBA/GL/2025/02

11/02/2025

Treoirlínte

lena leasaítear Treoirlínte ÚBE/2019/04
maidir le TFC agus bainistiú riosca
slándála

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 20.05.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2025/02' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuarisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuarisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Seoltaí

5. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 pointe (2)(vii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar soláthraithe seirbhísí íocaíochta iad dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/2366².

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

6. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón dáta is déanaí faoin 20.05.2025.

4. Leasuithe

7. Leasaítear Treoirlíne ÚBE/GL/2019/04 mar seo a leanas:
8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ábhair mar atá leagtha amach i mír 5 agus i mír 6:

‘Tá na treoirlínte seo bunaithe ar an sainordú chun treoirlínte a eisiúint faoi Airteagal 95(3) de Threoir (AE) 2015/2366 agus cumhdaítear leo gnéithe de bhainistiú caidrimh le húsáideoirí íocaíochta’.

Comhlánaíonn na treoirlínte seo na bearta bainistithe riosca faoin nGníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) agus na Caighdeáin Theicniúla Rialála ghaolmhara nach mór do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i mír 5 thuas a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 95(1) de PSD2, chun na rioscaí oibríochtúla agus slándála a bhaineann leis na seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn siad a bhainistiú.
9. Scriostar raon feidhme an chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i mír 7 agus i mír 8.

² Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35-127)

‘Sonraítear sna Treoirlínte seo ceanglais maidir le bunú, cur chun feidhme agus faireachán na mbeart slándála nach mór do PSPanna a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 95(1) de Threoir (AE) 2015/2366, chun na rioscáí oibríochtúla agus slándála a bhaineann leis na seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn siad a bhainistiú.’

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na seolaithe mar atá leagtha amach i mír 9:

‘Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 pointe (2) pointe (vii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1093/2010, ar soláthraithe seirbhísí íocaíochta iad mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) de Threoir (AE) 2015/2366, lena n-áirítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thairbhíonn de dhíolúine de bhun Airteagal 32 nó Airteagal 33 de Threoir (AE) 2015/2366 agus daoine dlítheanacha atá díolmhaithe faoi Airteagal 9 de Threoir 2009/110/CE³.’

11. Scriostar na sainmhínte mar atá leagtha amach i mír 10.
12. Scriostar míreanna 1 go 91 a chomhfhreagraíonn do Chodanna 3.1 go 3.7.

³ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras ríomh-airgid, gnó den sórt sin a shaothrú agus maoirseacht stuama a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lgh. 7-17)